# Dialann Lorcáin

**Seo sliocht as dialann Lorcáin. Scríobh focal amháin oiriúnach i ngach bearna. Léigh na habairtí ina n-iomláine sula líonann tú aon bhearna.**

Tá an teach saoire atá againn an-__________________(1). Tá sé i sráidbhaile beag faoin __________________(2) in aice le San Sebastian. Níl sé ach cúpla míle ón bhfarraige agus tá __________________(3) snámha poiblí gar don teach chomh maith. Tá bialann agus __________________(4) beag sa sráidbhaile. Tá an bia Spáinneach an-deas – is __________________(5) liom tapas!

Tá an __________________(6) go hálainn anois ach an chéad __________________(7) anseo, bhí sí go dona. Bhí sé scamallach agus ag cur ________________ (8) ach tá sé níos fearr anois. Bíonn sé te agus __________________(9) gach lá agus tá mé breá sásta.

Téimid go dtí an trá gach maidin ar feadh tamaill. Imríonn na páistí __________________(10) agus téim féin agus Síle ag _________________(11). Léim leabhair nó irisí ansin ar feadh tamaill – tá trí leabhar léite agam go dtí seo!

Inné, bhí muid i San Sebastian. Caithfidh mé a rá gur thaitin an __________________(12) go mór liom. Chuaigh muid ansin ar an traein. Chaith Síle tamall ag siopadóireacht – tá __________________(13) deasa ann – cheannaigh sí __________________(14) dubha – tá siad an-deas ar fad! D'ith muid __________________(15) i mbialann bheag thraidisiúnta agus d'fhan muid ansin go dtí a seacht a chlog. Bhí muid ar ais sa bhaile ar leath i ndiaidh a hocht – in am do chúpla deoch sa teach tábhairne atá in aice linn.

Trí lá fágtha againn! Tá mé ag súil go mór leo. Siúlóid ar maidin, lón deas cois farraige, galf agus ansin snámh tráthnóna!

# Dialann Lorcáin
# Mo dhialann féin

- **Tá tú ar laethanta saoire in áit álainn.**
- **Scríobh iontráil dialainne ghearr anseo, bunaithe ar do laethanta saoire.**
- **Ná luaigh an áit ina bhfuil tú. Luaigh áiteanna mór le rá sa cheantar agus áiteanna in aice leis an gceantar.**
- **Beidh ar do pháirtnéir buille faoi thuairim a thabhairt faoin áit ina bhfuil tú. Mar shampla:**

Is breá liom an áit seo! Tá an t-óstán go hálainn. Tá sé an-mhór. Tá sé in aice le Coláiste na Tríonóide agus Faiche Stiabhna. Téim ag siopadóireacht gach lá. Tá mé an-sásta leis na siopaí ar Shráid Grafton! Tá an bia an-bhlasta anseo! Ithim bricfeasta Éireannach gach maidin. Tá an aimsir go breá, te agus grianmhar. Chuaigh mé go dtí an zú agus an Guinness Storehouse ar an Luas inné.

- **Tá áiteanna turasóireachta i mBaile Átha Cliath luaite sa sampla thuas.**
- **An bhfuil aon áiteanna turasóireachta eile in Éirinn ar eolas agat?**
- **An aithníonn tú na háiteanna seo:**

***1***



***2***




***3***



***4***



***5***



***6***

